

Míreanna

Gradam i nGaillimh

Dinny ag bronnadh dámhachtainí

Bhronn Aire Stáit na Gaeltachta, Dinny McGinley, dámhachtainí ar 31 duine as Meiriceá Thuaidh le linn searmanais ar champas Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaillimh Dé Luain. 15 foghlaimoír as Ceanada agus seisear déag as na Stáit Aontaithe a fuair na gradaim. Beirt as na Stáit Aontaithe – Amanda Bernhard, Ollscoil Massachusetts agus Caitlín Myron, Ollscoil Notre Dame – a fuair Dámhachtainí Gaeilge Fulbright le Céim Máistreacht sa Nua-Ghaeilge a dhéanamh ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhronn McGinley

Dámhachtainí Samhraidh na Gaeltachta ó Fhondúireacht Ollscoile na hÉireann-Cheanada (ICUF) agus ó Choimisiún na hÉireann-Stát Aontaithe um Mhalartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright) ar na foghlaimoírí eile as Meiriceá agus Ceanada agus dámhachtainí ar sheachtar Teagascóirí Gaeilge a rachaidh go hollscoileanna i gCeanada leis an Ghaeilge a mhúineadh.

Dúirt sé gur chuir “na malartuithe seo deis luachmhar ar fáil d’Éirinn chun cultúr agus cruthaitheacht na Gaeltachta a chur ar



■ Dinny McGinley, ag bronnadh Dámhachtainí Gaeilge Fulbright ar Amanda Bernhard, Ollscoil Massachusetts agus Caitlín Myron, Ollscoil Notre Dame. GRIANGHRAF: SEAN Ó MAINNÍN

taispeáint agus cuidíonn siad chun féidearthachtaí amach anseo d’fhorbairt acmhainní, do chomhoibriú agus do mhalaruithe a aithint”.

Is toradh iad na gradaim seo ar an chomhoibriú idir Roinn na Gaeltachta, an ICUF agus Coimisiún Fulbright le roinnt blianta anuas.

31.07.13 Irish Times